



**An Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail agus Gaeltachta**
Department of Rural and Community
Development and the Gaeltacht

Meastóireacht ar an gClár Píolótach um Chumhachtú Pobail (ECP) **Achoimre Tairisceana**

Forléargas

Is mian leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG) conradh a dhéanamh le sainchomhairleoir(i) a bhfuil na cáilíochtaí agus taithí chuí acu chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar foriomlán agus ar na torthaí sonracha atá bainte amach faoin ECP go dtí seo sna pobail a fhaigheann tacaíocht ón gclár.

Agus muid ag dul isteach i mBliain 3 den ECP, tá sé tráthúil measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chlár mhaoinithe seo. Is é a bheidh i gceist leis an meastóireacht seo sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun a chinneadh cé mhéad den chlár atá ag comhlíonadh a spriocanna foriomlána agus a chuspóirí sonracha agus cén tionchar a bhí ag an gclár ar phobail atá ina gcónaí sna ceantair bheaga faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil an clár á chur ar fáil. Déanfar moltaí freisin maidir le treo an chlár amach anseo.

Buneolas

Arna mhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, cuireadh tús leis an ECP in 2022, agus cuireadh maoiniú ar fáil do 14 thionscadal tosaigh. Faoi láthair tá 17 dtionscadal á dtacú faoin gclár, le maoiniú bliantúil €2.3 milliún.

Is áiteanna iad na limistéir a roghnaíodh le haghaidh maoinithe faoin ECP a aicmíodh ina n-áiteanna atá faoi an-mhíbhuntáiste agus a aithníodh ag baint úsáid as Innéacs Díothachta HP Phobal, arb é an phríomhuirlis é a úsáidtear chun limistéir ina bhfuil daoine atá i ngátar a aithint. Is é an tAire a cheadaíonn leithdháiltí deiridh maoinithe.

Is í an Chuideachta Forbartha Áitiúil (CFÁ) feidhmitheoirí chlár ECP in aon cheantar ar leith agus tá ról maoirseachta ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ábhartha (CFPÁ).

Is é aidhm ECPP pobail áitiúla a chumhachtú chun a bhfreagairt féin a chruthú ar bhochtaineacht cheantarbhunaithe, eisiamh sóisialta agus na hiarmhairtí dá bharr sin, agus tacaíocht á fáil acu ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ábhartha (CFPÁ).

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an chláir:

1. Tacú le cur chuige forbartha pobail chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht limistéarbhunaithe agus eisiamh sóisialta.
2. Ceannaireacht a fhorbairt laistigh de phobail, ag tacú le comhoibriú idir struchtúir phobail atá ann cheana féin chun freagairtí saincheaptha oibre pobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na dúshláin shonracha a bhíonn ann go háitiúil.
3. Pobail áitiúla a chumhachtú chun a bhfreagra féin a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phobail.

Faoi Bhuiséad 2025, tá cistiú breise €1 mhilliún faighte don ECPP. Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair conas is féidir an maoiniú breise sin a úsáid chun an éifeacht is fearr a bhaint as le haghaidh pobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Faoi láthair, déantar an ECPP a mhaoiniú ar bhonn bliantúil bunaithe ar thorthaí phróiseas na Meastachán Buiséadach. Faigheann an ECPP tacaíocht ó Ghrúpa Oibre ECPP atá faoi chathaoirleacht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, le baill ó údaráis áitiúla, Líonra na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla (LCFÁ) agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (LCFÁna).

Aidhmeanna agus Cuspóirí Meastóireachta an Chláir

Is é aidhm uileghabhálach na meastóireachta a chinneadh cé mhéad dá spriocanna atá á mbaint amach ag an ECPP i dtaca le pobail áitiúla a chumhachtú chun a bhfreagairt féin a chruthú ar bhochtaineacht cheantarbhunaithe, eisiamh sóisialta agus an iarmhairt dá bharr sin sna spriocáiteanna atá i raon feidhme an chláir go dtí seo.

Ba é príomh-infheistíocht RFTPG le ECPP ná Cuideachtaí Forbartha Áitiúla d'Oibrithe Rannpháirtíochta Pobail a earcú chun obair phobaldírith a dhéanamh i gceantair bheaga a rangáidh ina gceantair faoi an-mhíbhuntáiste (de réir Innéacs Díothachta Pobal HP 2016 agus 2022) in áiteanna uirbeacha agus tuaithe ar fud na tíre araon.

Earcaítear Oibrithe Rannpháirtíochta Pobail ECPP i ngach ceann de na ceantair roghnaithe, chun caidreamh a fhorbairt agus a éascú idir páirtithe leasmhara pobail, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí agus struchtúir reachtúla. Pléitear leis an bpobal a fhaigheann tacaíocht agus treisítear luachanna agus prionsabail forbartha pobail. Cabhraítear leis an bpobal úinéireacht a ghlacadh ar na saincheistanna is tábhachtaí agus aghaidh a thabhairt orthu agus athrú dearfach a éascú agus a chruthú.

Ceadaíonn an infheistíocht seo dianobair Forbartha Pobail a dhéanamh sna sprioc-cheantair i gcomhthéacs clár eile de chuid na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla a fhaigheann tacaíocht ón Stát amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), chomh maith le comhoibriú le heagraíochtaí pobail agus deonacha áitiúla eile, gníomhaireachtaí reachtúla agus na pobail i gceantair ECPP.

Sainmhínítear obair Forbartha Pobail chun críocha an chlár féin agus na meastóireachta seo faoi threoir an Chomhlachta Formhuinithe Uile-Éireann um Chaighdeáin Oibre Pobail mar:

"gníomhaíocht forbartha ina bhfuil tasc agus próiseas. Baineann an tasc le hathrú sóisialta chun comhionannas, ceartas sóisialta agus cearta daonna a bhaint amach, agus baineann an próiseas le prionsabail rannpháirtíochta, chumhachtaithe agus chinnteoireachta comhchoiteann a chur i bhfeidhm ar bhealach struchtúrtha agus comhordaithe".

<https://www.aieb.ie/all-ireland-community-work-standards/>

Ag baint úsáid as an sainmhíniú seo, agus i bhfianaise lárnacht chleachtas na hOibre Pobail i dtaca le seachadadh an ECPP, ba cheart don mheastóir na ceisteanna taighde seo a leanas a bhreithniú chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar an chlár go dtí seo:

1. Cad iad na gníomhartha agus na cineálacha cur chuige atá glactha ag feidhmitheoirí clár i réimsí éagsúla atá ag teacht le/a léiríonn fianaise ar úsáid phrionsabal na Forbartha Pobail san obair?
2. Cé mhéad a neartaíodh ceannaireacht áitiúil laistigh de na sprioc-cheantair, cad iad na cineálacha cur chuige a úsáideadh chun ceannairí áitiúla a aithint agus a chothú agus cad iad na torthaí?
3. Cad é cineál agus méid an chomhoibrithe áitiúil a tugadh isteach agus/nó a neartaíodh mar thoradh ar láithreach an ECPP sna sprioc-cheantair? Cad iad na saincheisteanna a dhíríonn go hiondúil ar chomhoibriú áitiúil a fhaigheann tacaíocht ón gclár? Cad iad na príomhthorthaí a bhí ar an gcomhoibriú sin agus cén nasc atá aige sin le haidhm fhoriomlán an chlár?
4. Cén chaoi ar tugadh tacaíocht do phobail chun a gcuid freagraí comhchoiteanna féin a chruthú ar shaincheisteanna a chuireann imní orthu tríd an Obair Phobail a rinne oibrithe Rannpháirtíochta Pobail ECPP? Cé mhéad de na hábhair imní sin a **bhaineann** le héifeachtaí na bochtaineachta ceantarbhunaithe agus an eisiaimh shóisialta?
5. Cé mhéad is féidir tionchar na hinfeistíochta san ECPP a chinneadh trí scrúdú a dhéanamh ar an rud is dócha a tharlódh mura mbeadh an infheistíocht ann?

Tasc breise don mheastóir is ea meicníocht oiriúnach a mholadh do mheastóireacht leanúnach mhúnlaiteach ar an gclár ag baint úsáid as modheolaíochtaí rannpháirteacha nó modheolaíochtaí cuí eile. Agus an moladh sin á fhorbairt aige, ba cheart don mheastóir breithniú a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bhaineann le cur chuige den sórt sin a ghlacadh i dtéarmaí sochair bhreise do na pobail a nascann le prionsabail na cumhachtaithe atá lárnach in Obair Phobail. Ba cheart go gcuirfí san áireamh in aon mholadh cineál an chlár agus an gá atá le lúth agus le solúbthacht a choinneáil agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil a aidhmeanna agus a chuspóirí á mbaint amach ag an gclár, agus é dílis dá éiteas.

Tá scóip éigin ag an meastóir ionchur a bheith aige maidir le réimsí féideartha breise le haghaidh iniúchta nuair is cuí le linn an tionscadail taighde agus i gcomhairle leis an RFTPG agus le Foghrúpa Ghrúpa Oibre ECPP.

Go hachomair, ba cheart go gcabhródh an taighde le tuiscint, ó pheirspictíocht na bpobal sna ceantair ina bhfuil an ECPP ag feidhmiú, ó fheidhmitheoirí an chláir, RFTPG, CFPÁ agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gcás inar gá, faoi:

- Tionchar foriomlán an ECPP i gcumhachtú na bpobal áitiúil chun a bhfreagairt féin a fhorbairt ar bhochtaineacht cheantarbhunaithe, eisiámh sóisialta agus na hiarmhairtí dá bharr, lena n-áirítear rochtain fheabhsaithe ar phríomhsheirbhísí.
- A shonraí is a bhí na hOibrithe Rannpháirtíochta Pobail a maoiníodh faoin ECPP agus iad ag plé leis na pobail ar tacaíodh leo agus a oiread a bhí luachanna agus prionsabail Forbartha Pobail le feiceáil sna cineálacha cur chuige a ghlacadh.
- Conas a d'oibrigh na hOibrithe Rannpháirtíochta Pobail a maoiníodh faoin ECPP le gníomhaireachtaí eile sa cheantar agus conas a chabhraigh siad lena gcuid oibre.
- Na cineálacha tacaíochtaí agus cur chuige a d'oibrigh go maith chomh maith le ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscnaimh nár éirigh chomh maith sin leo.
- Aon bhearna/teorainn a aithníodh i soláthar seirbhíse sna sprioc-cheantair trí obair an ECPP.
- A éifeachtaí is a bhí an infheistíocht in ECPP i dtaca le cuspóirí a leagadh amach a bhaint amach.
- Moltaí i dtaca le treo an chláir amach anseo, lena n-áirítear ról na CFPÁanna bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh agus ar an dea-chleachtas a aithníodh sa chur i bhfeidhm go dtí seo.

Príomhthascanna

Beidh na cúraimí seo a leanas ar an iarrthóir a n-éireoidh leis:

1. Tabhairt faoi athbhreithniú inniúlachta chun paraiméadair a bhunú don mheastóireacht.

Modheolaíocht oiriúnach a aithint agus a chur i láthair chun freagra a thabhairt ar na ceistanna taighde a shonraítear thuas. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an taighde trí shonraí cainníochtúla/suirbhéanna a bhailiú chun príomhthéamaí a bhunú agus

tosaíocht a thabhairt dóibh ar fud na gceantar cur chun feidhme. Beidh an anailís ar na sonraí sin mar bhunús ansin d'agallaimh 1:1 agus do ghrúpaí fócais le príomhpháirtithe leasmhara, go príomha:

- Oibrithe Rannpháirtíochta Pobail an ECPP:
- Baill foirne eile CFÁ, agus baill foirne CFPÁ a bhfuil baint acu le seachadadh an ECPP; agus
- Baill de na spriocphobail¹.

Ba chóir sonraí cáilíochtúla a thagann chun cinn ó agallaimh agus ó ghrúpaí fócais a chur i láthair i bhfoirm insinte a léiríonn go soiléir tionchar an chláir agus ba cheart go n-áireofaí achoimrí/ mionchás-staidéir chomh maith le samplaí de dhea-chleachtas agus d'fhoghlaim thábhachtach a dhoiciméadú maidir le dúshlán a thagann chun cinn.

2. Amlíne a chomhaontú leis an Roinn agus le Foghrúpa Ghrúpa Oibre an ECPP a chuireann cruinnithe comhairliúcháin/aiseolais ar fáil ag garspriocanna réamhaontaithe, go sonrach:
 - a. roimh an athbhreithniú inniúlachta,
 - b. i gceapadh an tsuirbhé,
 - c. agus aiseolas á thabhairt ar na téamaí a dtabharfar aghaidh orthu trí na hagallaimh agus trí na grúpaí fócais,
 - d. agus an dréacht-tuarascáil á cur i láthair, lena n-áirítear moladh maidir le meicníocht leanúnach ar mheastóireacht mhúnlaitheach.
3. Tuarascáil deiridh a chur le chéile lena n-áirítear achoimre feidhmiúcháin agus ina leagtar amach go soiléir na príomhthorthaí taighde agus moltaí an chláir amach anseo. Ba cheart sonraí na modheolaíochta a moladh ar mheastóireacht mhúnlaitheach leanúnach mar atá leagtha amach thuas a chur san áireamh freisin.
4. An tuarascáil agus na torthaí a chur i láthair ag seimineár gréasáin ina bhfuil príomhpháirtithe leasmhara, ag baint úsáid as sleamhnáin chun achoimre a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar a thorthaí.

Amlíne

Táthar ag súil nach mairfidh an tionscadal níos mó ná 16 seachtain. Cuirfear tús leis an tionscadal faoi **Dé Luain an 18 Lúnasa 2025**, agus tionólfar cruinniú seiceála isteach leis an RFTPG laistigh de 8 seachtaine óna thús, áit a ndéanfaidh an tairgeoir rathúil cur i láthair ar an treo atá á ghlacadh leis an tuarascáil chomh maith le haon saincheist a tháinig chun cinn,

¹ Tabhair faoi deara go ndéanfaidh an RFTPG a oibríonn le feidhmitheoirí cláir rannpháirtithe a aithint/a mholadh le haghaidh agallamh agus grúpaí fócais, ag brath ar na téamaí a thagann chun cinn le linn an taighde. Tá sé i gceist go gcuirfear meascán de thionscadail uirbeacha agus tuaithe san áireamh.

agus is féidir aiseolas a thabhairt sa tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn faoin **07 Samhain 2025**. Beidh an tuarascáil deiridh le comhlánú agus le ceadú faoin **05 Nollaig 2025**.

Sonraíochtaí an Chomhairleora/na gComhairleoirí

Beidh an méid seo a leanas ag an duine/na daoine:

Scileanna Taighde

- Scileanna agus taithí chruthaithe i dtabhairt faoi thionscadail taighde neamhspleácha, go háirithe i réimse na meastóireachta cláir.
- Cumas léirithe torthaí taighde a aistriú ina moltaí soiléire.
- Eolas agus taithí ar mhodhanna rannpháirteacha agus/nó piarthaighde.
- Eolas agus taithí ar thaighde a dhéanamh i gcomhthéacs an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta.

Taithí agus feacht ar phrionsabail agus ar chleachtas na hOibre Forbartha Pobail, frithbhochtaineacht agus fritheisiamh sóisialta agus ar na beartais a bhaineann leo:

- Taithí roimhe seo ar agallaimh nó ar ghrúpaí fócais a reáchtáil, lena n-áirítear le daoine ó chúlaí imeallaithe.
- Feacht ar an gcur chuige agus ar na scileanna a theastaíonn chun spás cuimsitheach agus cumasúcháin a chruthú le haghaidh rannpháirtíochta agus iad ag plé go díreach le tairbhíthe an ECPP.
- Tuiscint chuimsitheach ar obair phobail agus ar chur i bhfeidhm cur chuige Forbartha Pobail chun dul i ngleic le bochtaineacht, eisiaimh sóisialta agus díothacht limistéarbhunaithe.
- Scileanna agus taithí maidir le réimse páirtithe leasmhara reachtúla agus san earnáil phobail a bhaineann leis an aidhm taighde a aithint agus dul i gcomhairle leo.
- Tuiscint ar bheartas ábhartha agus gaolmhar.
- Tuiscint chuimsitheach ar Innéacs Díothachta Pobal HP 2016 agus 2022.

Tréithe Pearsanta

- Scileanna idirphearsanta, cur i láthair, scríbhneoireachta agus cumarsáide den scoth.
- Scileanna láidre eagraíochtúla agus bainistíochta tionscadail, leis an gcumas ualach oibre a bhainistiú go neamhspleách agus tosaíocht a thabhairt dó chun aidhmeanna na meastóireachta a bhaint amach laistigh den achar ama a shonraítear.

Bainistíocht Tionscadail

Beidh an comhairleoir a cheapfar freagrach as tionscadail a bhainistiú agus rachaidh sé i mbun idirchaidrimh/ beidh sé ag obair faoin RFTPG agus faoin bhFoghrúpa Oibre ECPP.

Tairiscint a Chur Isteach

Is conradh ar phraghas seasta é seo a bhronnfar tar éis próiseas soláthair iomaíoch.

Ní mór tairiscintí a sheoladh ar ríomhphost chuig ECP@drcdg.gov.ie leis an líne ábhair ***Meastóireacht ar an gClár Píolótach um Chumhachtú Pobail*** ar nó roimh 17:00 Déardaoin an 31 Iúil 2025 ina bhfuil:

- Litir chlúdaigh.
- Forléargas gairid ar an eagraíocht/comhairleoireacht agus pearsanra oiriúnach do cheannaireacht tionscadail.
- Mar gheall ar spriocghrúpa an taighde, ní mór do na hiarratais tagairt a dhéanamh do chúinsí eiticiúla, polasaithe cosanta agus nósanna imeachta an tionscadail.
- Tabhair breac-chuntas ar thaithí ábhartha – cuntas teiste i bpleanáil straitéiseach, éascú agus comhairliúchán, lena n-áirítear taithí shonrach ar chomhairliúchán le daoine den chineál céanna agus sonraí faoi nósanna imeachta cosanta atá i bhfeidhm.
- Cur síos mionsonraithe ar an modheolaíocht agus ar an amlíne don togra.
- Plean oibre agus clár réamh-mheasta, ina bhfuil dátaí tosaigh agus deiridh, lena n-áirítear amscála le haghaidh tascanna sonracha.
- Beirt mholtóirí, lena n-áirítear sonraí teagmhála.
- Miondealú ar chostas, CBL san áireamh agus gan CBL san áireamh.
- Sonraí Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach.
- Fianaise ar árachas.
- Líon na ndaoine atá freagrach as conradh a chomhlíonadh agus CV na bpearsanra go léir a bheartaítear a bheith páirteach sa taighde.

Tréimhse

Ní mór tairiscintí a chur isteach ar ríomhphost chuig ECP@drcdg.gov.ie leis an líne ábhair ***Meastóireacht ar an gClár Píolótach um Chumhachtú Pobail*** ar nó roimh 17:00 Déardaoin an 31 Iúil 2025.

Ní mór don iarratasóir rathúil a bheith in ann tús a chur leis an obair **Dé Luain an 18 Lúnasa 2025** tar éis an conradh a dhámhachtain.

Buiséad

Is conradh ar phraghas seasta €22,000 é seo ina bhfuil CBL agus gach costas san áireamh.

Ba chóir fiosrúcháin a sheoladh ar ríomhphost chuig ECP@drcdg.gov.ie leis an líne ábhair ***Meastóireacht ar an gClár Píolótach um Chumhachtú Pobail***

Tabhair ar aird:

- go mbeidh cruinniú soiléirithe agus agallamh idir na tairgeoirí mar chuid den phróiseas dámhachtana tairisceana, má mheasann an painéal measúnaithe gur gá sin.
- go mbeidh na tuairiscí ar fad faoi réir cheadú na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

An Creat Scórála

Déanfar na tairiscintí a fhaightear a mheas ar bhonn na gcritéir dámhachtana seo a leanas: Critéir Dámhachtana	Ualach	Uas-scór	Íos-scór riachtanach
Taithí ábhartha a bhaineann leis an tionscadal	30%	300	180
An mhodheolaíocht a mholtar, struchtúr an tionscadail, achar ama	30%	300	180
Eolas agus taithí a léiriú ar chomhairliúchán le réimse leathan páirtithe leasmhara	30%	300	180
Costas Luach ar Airgead	10%	100	60
Iomlán	100%		

Liosta de 17 limistéar bheaga ECPP ina bhfuil ECPP á sheachadadh

Údarás Áitiúil / CFPÁ	CFÁ	Toghcheantar Áitiúil	Toghroinn (Ceantar Beag Geografach)
Cathair Chorcaí	Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL IARTHUAISCEART CHATHAIR CHORCAÍ-6	CNOC NA HAOINE

Dún na nGall	Forbairt Áitiúil Dhún na nGall	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL NA NGLEANNTACH	ÁRAINN MHÓR-6
Cathair Bhaile Átha Cliath	CFÁ Chomhpháirtíocht na Life	Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Formaid - Dhroimeanaigh-6	Gort na Silíní A
	Comhpháirtíocht Cheantar Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL NA CABRAÍ - GHLAS NAÍON-7	AN CHABRACH THIAR B
	Comharchumann Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL NA CABRAÍ - GHLAS NAÍON-7	CÉ NA N-ÓSTAÍ B
	Comhpháirtíocht Cheantar Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL BHAILE MUNNA - FHIONNGHLAISE-6	FIONNGHLAS THEAS B
	CFÁ Chomhpháirtíocht Thuaisceart na Cathrach	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL ARD AIDHIN - FHIONNBHRÚ-6	COILL AN PHRIÓRA C
Contae na Gaillimhe	Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE-6	CEANTAR UIRBEACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE
Cill Dara	Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL BHAILE ÁTHA Í-5	BAILE ÁTHA Í THIAR
Cathair agus Contae Luimnigh	Comhpháirtíocht PAUL Luimnigh	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL THUAISCEART	TOGHROINN EOIN A & B

		CHATHAIR LUIMNIGH-7	
An Longfort	Acmhainní Pobail an Longfoirt	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL AN LONGFOIRT-7	CEANTAIR THUAITHE AN LONGFOIRT
Maigh Eo	Comhpháirtíocht LEADER Thoir Thuaidh Mhaigh Eo	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL BHÉAL AN ÁTHA-6	CEANTAR UIRBEACH BHÉAL AN ÁTHA
Ros Comáin	CFÁ Chomhpháirtíocht LEADER Ros Comáin	An Caisleán Riabhach, Ros Comáin	An Caisleán Riabhach, Ros Comáin
Baile Átha Cliath Theas	Comhpháirtíocht Dheisceart an Chontae SDC	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL BHAILE PHÁMAR - CHNOC AN FHUARÁIN-5	CLUAIN DOLCÁIN - GHORT NA MÓNA
Baile Átha Cliath Theas	CFÁ Chomhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	Tamhlacht - Ráth Miontáin	Tamhlacht - Ráth Miontáin
An Iarmhí	CFÁ Fhorbairt Pobail na hIarmhí	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL AN MHUILINN CHEARR- 6	CEANTAIR THUAITHE AN MHUILINN CHEARR
Loch Garman	CFÁ Loch Garman	TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL INIS CÓRTHAIDH-6	BUN CLÓIDÍ